

## Tochmarc Emire

### The Wooing of Emer: Extracts

#### Cuchulainn fulfils Emer's conditions and marries Emer (§§86, 88-90)

##### Section 86

Ráinic seom tráth rátha Forgail	Chuaigh sé go ráth Fhorgaill	He then arrived at the rath of Forgall,
ocus foceird ích n-erred de tarsna trí lissu	agus thug sé eoléim ghaiscígh thar na trí mhúr	and jumped the hero's salmon-leap across the three ramparts,
co mbaí for lár in dúnaid	gur thuirling ar thalamh an dúna	so that he was on the ground of the <i>dún</i> .
ocus bithus trí béimenn isin liss, co torchair ochtar cach béime díb,	agus bhuaill trí bhéim sa chlós sa tslí gur thit ochtar le gach béim díobh,	And he dealt three blows in the <i>liss</i> , so that eight men fell from each blow,
ocus anacht fer i medon cach nónbair	ach spáráil sé fear i lár gach naonúir	and one man escaped in the midst of each group of nine,
.i. Scibur agus Ibur agus Cat, trí derbbráithre Emire.	– Sciubhar, Iubhar agus Cat, triúr dearthár Eimhire.	viz., Scibur and Ibur and Cat, three brothers of Emer.
Foceird Forgall bedg de tar dúae na rátha sechtair		Forgall then made a leap on to the rampart of the rath without,
for teighed Con Culainn,	Agus é ag teitheadh ó Chú Chulainn,	in fleeing from Cuchulainn,

	léim Forgall de dhroim mhúr na rátha amach,	
coro fuit, co farcbad cen anmain.	thit sé agus fágadh gan anam é.	and he fell and was without life.
Dobert Cú Chulainn Emir leis cona comaltai	Thug Cú Chulainn Eimhear agus a comhalta leis	Cuchulaind took Emer with him and her foster-sister,
cona dib n-erib di ór agus argut,	mar aon lena gcuid óir agus airgid,	with their two loads of gold and silver,
ocus foceird bedg de aitherruch tarsin tredúai cona dib n-ingenaib	agus chaith léim arís gur thug an bheirt ógbhan leis thar thrí mhúr na rátha amach	and took a leap back again across the third rampart with the two maidens
ocus dotéit reme.	agus d'imigh roimhe.	and went forth.
Égther impu de chach aird.	Tógadh liú ina dtimpeall ar gach taobh.	Cries were raised around them from every direction.
Berid Scenmenn forru.	Tháinig Scéinmheann suas leo.	Scennmend [Forgall's sister] rushed against them.
Marbais Cú Chulainn é [he S. <i>In §53, Scenmenn is represented as a woman</i> ] oc a áth,	Mharaigh Cú Chulainn í ag a áth,	Cuchulaind killed her [MS him] on the ford,
conid de dogarar Áth Scenmenn.	agus is mar gheall air sin a ghlaoitear Áth Scéinmheann air.	which is hence called the Ford of Scennmend,
Tíagait asside co Glondath.	As sin chuarar go Glonnáth.	Thence they came to Glondath.

Marbais Cú Chulainn cét fer díb and.	Mharaigh Cú Chulainn céad fear díobh ansin.	There Cuchulaind killed hundred men of them.
“Is mór in glond dorignis,” ol Emer,	“Is mór an glonn a dheinis,” arsa Eimhear,	“Great is the deed ( <i>glond</i> ) which thou hast done,” said Emer,
“in cét fer n-armach n-inchomlainn do marbad.”	“an céad laoch lánoilte armtha sin a mharú.”	“to have killed hundred armed able-bodied men.”
“Bid Glondáth a ainm co bráth,” ol Cú Chulainn.	“Beidh ‘Glonnáth’ mar ainm ar an áth seo go brách,” arsa Cú Chulainn.	“Glond-Áth shall be its name for ever,” said Cuchulaind.

### Section 88

Cid fil and tra acht marbais Cú Chulainn cét	Chun scéal gairid a dhéanamh de, mharaigh Cú Chulainn céad	Now Cuchulaind killed one hundred
for cach áth ó Áth Scenmenn for Ollbini co Bóind mBreg	ag gach áth ó Áth Scéinmheann ar Ollbhine go Bóinn Bhré	on each ford from Ath Scennmend at Ollbine to the Boyne of Bray,
ocus comallastar uili na gnímu dorairngert dond ingin,	agus dhein gach gníomh mar a gheall sé don ógbhean,	and he fulfilled all the deeds that he had vowed to the maiden,
ocus téit slán iar sin	agus chuaigh slán ina dhiaidh sin	and he came safely out of it,
co ráinic Emain Macha fo demi in n-aidchi sin.	gur shroich sé Eamhain Mhacha le titim na hoíche sin.	and reached Emain Macha towards the darkness of that night.

Atnagar Emer isin Cróebrúaid co Conchobur ocus co maithi Ulad olchenaē,	Tugadh Eimhear isteach mar a raibh an Chraobh Rua, Conchubhar agus maithe eile Uladh,	Emer was brought into the Red Branch to Conchobor and to the men of Ulster,
ocus ferait fáilti fria.	agus chuireadar fáilte roimpi.	and they bade her welcome.
Boí fer duaig dothengthae di Ulltaib istig	Bhí fear duáilceach drochtheanga de na hUlltaib sa tigh	There was a grim evil-tongued man of the men of Ulster in the house,
.i. Bricriu mac Carbad [ <i>Sic H. carba S, with c written over the first a. arbad U</i> ]	– Bricriu mac Carbhad a ainm.	viz., Bricriu of the Venomous Tongue, the son of Arba.
Conid and asbertside: “Bid doilig ém,” ol sé, “la Coin Culainn	Dúirt seisean ansin: “Ní thaitneoidh an ní a dhéanfar anseo anocht le Cú Chulainn,” ar seisean,	It was then he said: “Forsooth, it will be disagreeable to Cuchulaind
aní dogéntar anocht and, .i. in ben tuc les, a feis la Conchobur anocht,	“is é sin go luífidh an bhean a thug sé leis le Conchubhar anocht,	what will happen to-night, viz., the woman whom he brought with him will sleep with Conchobor.
ar is leis coll cétingen ria nUlltaib dogrés.”	mar is aige a bhíonn tús caidrimh chollaí le mná óga i gcónaí, seachas fear ar bith in Ullaidh.”	For with him is the deflowering of virgins before the men of Ulster ever.”
Nos fúasnaither im Coin Culainn and sin oca chloistecht sin	Tháinig buile feirge ar Chú Chulainn nuair a chuala sé é sin	Cuchulaind grew mad when he heard that,
ocus nos bertnaigenn co róemid in cholcid baí foí,	agus chroith sé a chorp sa tslí gur phléasc an chuilce a bhí faoi	and shook himself so that the cushion burst which was under him,

co mbátar a clúma for folúamain imon tech  
ima cúairt,

ocus téit immach la sodain.

agus go raibh cleití aisti ar foluain ar fud an tí.

Leis sin chuaigh sé amach.

and its feathers were flying about the house.

He went out then.

### Section 89

“Atá doilig mór and,” ol Cathbad, “acht is  
geiss don rí

cen an ro ráid Bricriu do dénum dó.

Bithus Cú Chulainn immorro intí foifes lia  
mnaí,” ol sé.

“Gairther Cú Chulainn dún,” ol Conchobur,

“dús in fétfaimmis talcud a brotha.”

Tic íarom Cú Chulainn.

“Eirg dom,” ol Conchobur, “ocus tuc lat almaí  
filet i Sléib Fúait.”

Téiti íarom Cú Chulainn.

“Is doiligh mar scéal é,” arsa Cathbhadh, “acht  
is geis don rí

gan an rud a dúirt Bricriu a dhéanamh.

Maróidh Cú Chulainn an té a luífidh lena  
bhean,” ar seisean.

“Cuirtear fios ar Chú Chulainn,” arsa  
Conchubhar,

“féachaint an bhféadfaimis an taom feirge atá  
air a mhaolú.”

Tháinig Cú Chulainn i láthair ansin.

“Éirigh, a Chú Chulainn,” arsa Conchubhar,  
“agus tabhair leat a bhfuil de thréada ar  
Shliabh Fuaid.”

Chuir Cú Chulainn de ansin.

“This is very hard,” said Cathbad, “but it is an  
ordinance to the king

to do everything that Bricriu has said.

Cuchulaind will slay him that will sleep with  
his wife.”

“Let Cuchulaind be called to us,” said  
Conchobor,

“to know if we can soothe his wrath.”

Then Cuchulaind came.

“Arise,” said Conchobor, “and bring me the  
herds that I have in Slieve Fuait.”

Then Cuchulaind went,

Nos timmairc leis	Thiomáin sé roimhe	and drove together
ina fúair do muccaib agus d'aigib allta agus d'ernáil cache fíada folúaimnige olchenae i Sléib Fúait,	a bhfuair sé de mhuca agus d'fhianna allta agus d'éin fhiáine de gach saghas chomh maith leo i Sliabh Fuaid,	whatever he found in Slieve Fuait of swine and stags, and of every sort of fowl game besides,
ocus dosbeir i n-óenimmáin leis co faithchi na hEmna.	agus sheol sé iad le chéile go dtí faiche na hEamhna.	and drove them in one drove with him to the meadow of Emain.
Téit dano a ferg la sodain for cúlu do Choin Chulainn.	Leis sin, chuaigh an fhearg a bhí air ar gcúl.	Then his wrath had departed from him.
<b>Section 90</b>		
Dogníther imacallam oc Ulltaib imon caingin sin.	Phléigh na hUltaigh an cás.	A council was held by the men of Ulster about this affair.
Is sí comairle arrícht leo	Is í comhairle ar ar chinneadar	This was the resolution they arrived at,
Emer do feiss la Conchobur in n-aidchi sin	ná go luífeadh Eimhear le Conchubhar an oíche sin	that Emer was to sleep that night with Conchobor,
ocus Fergus agus Cathbad i n-óenlepaid friu	agus Ferghus agus Cathbhadh a bheith in aon leaba leo	and Fergus and Cathbad in one bed with them
do chomét enig Con Culainn	d'fhonn onóir Chú Chulainn a chosaint	to watch over the honour of Cuchulaind,

ocus bennacht Ulad don lánamain ara fóemad.	agus go gcuirfeadh na hUltaigh a mbeannacht ar an lánúin dá n-aontódh Cú Chulainn leis an socrú sin.	and the men of Ulster should bless him if he accepted it.
Fóemaid aní sin ocus dogníther samlaid.	D'aontaigh, agus deineadh amhlaidh.	He did accept it, and it was done thus.
Ícaid Conchobur tindscrai Emire arabáruch,	D'íoc Conchubhar tionscra Eimhire lá arna mhárach,	Conchobor paid Emer's wedding gift on the morrow,
ocus dobreth a eneclann do Choin Chulainn,	agus tugadh a eineachlann do Chú Chulainn.	and Cuchulaind's honour price was paid,
ocus fois iar sin la banchéili	Luigh sé ina dhiaidh sin lena bhean	and he slept then with his wife,
ocus níro scarsat iar suidiu co fúaratar bás dib línaib.	agus níor scaradar lena chéile ina dhiaidh sin go bhfuairadar bás.	and they did not separate after that until they both died.